**RABHADH**
**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.**

**SCRÚDUIMHIR**

**DON SCRÚDAITHEOIR**

**Iomlán na marcanna**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2006

## EACNAMAÍOCHT BHAILE

## ARDLEIBHÉAL

## DÉ hAOINE 16 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 4.30

**Iomlán na Marcanna 300**

**STAMPA AN IONAID**

| Don scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **CEIST** | **MARC** |
| Roinn A (Iomlán) | |
| | |
| Roinn B **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **6** | |
| **IOMLÁN →** | |
| **GRÁD →** | |

**TREORACHA**

1. Roinn A - 80 marc.
   Freagair 20 (fiche) ceist ó Roinn A;
   tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

2. ***Freagair na ceisteanna sa spás atá ann dóibh.***

3. Ní mór na bileoga freagraí comhlánaithe do Roinn A a thabhairt ar ais d’fheitheoir an scrúdaithe.

4. Roinn B - 220 marc.
   Freagair 4 (ceithre) cheist ó Roinn B;
   tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

# **ROINN A**
## **80 marc**

**Freagair 20 (fiche) ceist díobh seo a leanas. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

**1.** Tabhair foinse thábhachtach **amháin** do **gach ceann** díobh seo a leanas:

| | **FOINSE** |
|---|---|
| **(i)** Vitimín C | **(i)** |
| **(ii)** Snáithín réim bia | **(ii)** |

**2.** Ainmnigh **dhá** chineál breiseán a úsáidtear i mbianna áise.

**(i)** ______________________ **(ii)** ______________________

**3.** Mol **ceithre** bhealach le hiontógáil saille san aiste bia a laghdú.

**(i)** ______________________

**(ii)** ______________________

**(iii)** ______________________

**(iv)** ______________________

**4.** Liostaigh **ceithre** ghníomhaí ardúcháin a úsáidtear i mbácáil baile.

**(i)** ______________________ **(ii)** ______________________

**(iii)** ______________________ **(iv)** ______________________

**5.** Luaigh sampla de ghlasra difriúil faoi **gach** rangú díobh seo a leanas:

| **RANGÚ GLASRAÍ** | | | |
|---|---|---|---|
| **GLASA** | **FRÉAMHACHA** | **TORTHAÍ** | **PISEÁNACHA** |
| | | | |

**6.** Mínigh **gach ceann** ar bith de na téarmaí cócaireachta seo a leanas:

**(i)** **roux** ____________________

____________________

**(ii)** **sauté** ____________________

____________________

**7.** Liostaigh **ceithre** fhoinse eolais do thomhaltóirí.

**(i)** ____________ **(ii)** ____________

**(iii)** ____________ **(iv)** ____________

**8.** Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le ceannach ar creidmheas.

**Buntáiste** ____________________

____________________

**Míbhuntáiste** ____________________

____________________

**9.** Cén t-eolas a chuireann an tsiombail seo in iúl don tomhaltóir?

____________________

____________________

____________________

**10.** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le gnáthamh na Mionéileamh.

**(i)** ____________________

____________________

**(ii)** ____________________

____________________

**11.** Luaigh an fheidhm a bhaineann le **gach ceann** díobh seo a leanas:


**(i)** **artairí** ______________________________

______________________________

**(ii)** **haemoglóibín** ______________________________

______________________________

**12.** Ainmnigh na codanna den chóras atáirgthe baineann atá lipéadaithe **A, B, C** agus **D**.




**A.** ______________ **B.** ______________

**C.** ______________ **D.** ______________

**13.** Mínigh **gach ceann** de na téarmaí seo a leanas:

**(i)** **inscne** ______________________________

______________________________

**(ii)** **piarghrúpa** ______________________________

______________________________

**14.** Luaigh **dhá** cheart a bhaineann leis an leanbh.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**15.** Cén fheidhm atá ag fiús i gciorcad leictreach? ______________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**16.** Mol **<u>dhá</u>** bhealach inar féidir an ciseal ózóin a chosaint.

**(i)** ______________________________________________________________

**(ii)** ______________________________________________________________

**17.** Mínigh an tábhacht a bhaineann leis an ***triantán oibre*** i ndearadh cistine ____________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**18.** Luaigh **<u>dhá</u>** thoisc ba cheart a chur san áireamh nuair a bhíonn teach teaghlaigh á roghnú.

**(i)** ______________________________________________________________

**(ii)** ______________________________________________________________

**19.** Luaigh airí inmhianaithe **<u>amháin</u>** agus airí neamh-inmhianaithe **<u>amháin</u>** a bhaineann le hurlárach adhmaid.


**(i)** **airí inmhianaithe** ___________________________________________

**(ii)** **airí neamh-inmhianaithe** ______________________________________

**20.** Tabhair **<u>dhá</u>** shampla de shnáithíní sintéiseacha agus mol úsáid dhifriúil do **<u>gach ceann</u>** díobh.

| SNÁITHÍN SINTÉISEACH | ÚSÁID |
|---|---|
| **(i)** | **(i)** |
| **(ii)** | **(ii)** |

**21.** Ainmnigh an greim a thaispeántar sa léaráid agus luaigh úsáid **amháin** a bhaintear as.



Ainm ______________________________

Úsáid ______________________________

______________________________

______________________________

**22.** Mínigh **gach ceann** ar bith de na téarmaí seo a leanas:


**(i)** **bruth** ______________________________

______________________________

**(ii)** **snáithe an dlúith** ______________________________


______________________________

**23.** Mínigh cad a chuireann **gach ceann** de na siombailí seo a leanas in iúl.



______________________________

______________________________



______________________________

______________________________

**24.** Luaigh **dhá** thoise coirp is gá nuair a bhíonn bríste jeans á cheannach.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2006

**EACNAMAÍOCHT BHAILE**

**ARDLEIBHÉAL**

**DÉ hAOINE 16 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 4.30**

# ROINN B
## (220 MARC)

**TREORACHA**

Freagair **CEITHRE** (4) cheist ón roinn seo;
tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

## ROINN B
## 220 Marc

**1.** Tá an t-eolas seo a leanas ar taispeáint ar lipéad cartáin de bhainne foirtil.

### *Bainne Foirtil*

| EOLAS COTHAITHE | BAINNE FOIRTIL | BAINNE IOMLÁN |
|---|---|---|
| Luachanna Tipiciúla in aghaidh 100ml | | |
| Fuinneamh | 205kJ/49kcal | 269kJ/64kcal |
| Próitéin | 3.4g | 3.3g |
| Saill | 1.5g | 3.5g |
| Carbaihiodráid | 5.2g | 4.9g |
| Cailciam | 166mg | 118mg |
| Vitimín A | 120µg | 52µg |
| Vitimín B | 0.24mg | 0.17mg |
| Aigéad Fólach | 70µg | 6µg |
| Vitimín D | 1µg | 0.03µg |
| Vitimín E | 1.5mg | 0.09mg |

Paistéaraithe agus Homaigéinithe

**(a)** Agus úsáid á baint as an eolas atá ar an lipéad thuas, déan luach cothaithe bainne foirtil a mheasúnú.

**(b)** **(i)** Luaigh cén cineál bainne is oiriúnaí do **(i)** pháiste fuinniúil **agus** **(ii)** bhean thorrach.

**(ii)** Tabhair cúis **amháin** le do rogha i **ngach** cás.

**(c)** Mínigh cén fáth a ndéantar bainne a phaistéarú.

**(d)** **(i)** Liostaigh **trí** tháirge déiríochta eile, seachas bainne, atá le fáil in ollmhargaí.

**(ii)** Mol **trí** bhealach chun níos mó táirgí déiríochta a chuimsiú san aiste bia.

**(e)** Mínigh **ceann amháin** de na téarmaí seo a leanas: ***foirtil*** nó ***homaigéinithe***.

**2.** Tá aistí bia feoilséantacha ag éirí níos coitianta in Éirinn faoi láthair.

**(a)** Luaigh **trí** chúis a bhféadfadh daoine aiste bia fheoilséantach a roghnú.

**(b)** Mínigh **gach ceann** de na cineálacha aistí bia feoilséantacha seo a leanas: **(i)** aiste bia vegan **agus** **(ii)** aiste bia lacto-fheoilséantach.

**(c)** Liostaigh na treoirlínte ba cheart a leanúint nuair a bhíonn béilí d'fheoilséantóir á bpleanáil.

**(d)** Dear biachlár cothromaithe do dhinnéar **trí** chúrsa a bheadh oiriúnach do lacto-fheoilséantóir.

**(e)** **(i)** Cad is *PGU (TVP*i mBéarla) ann?

**(ii)** Mol **dhá** mhias inar féidir PGU (TVP i mBéarla) a úsáid.

**3.** **(a)** Déan cur síos ar **gach ceann** de na cineálacha seo a leanas d'asraonta siopadóireachta: **(i)** ollmhargaí; **(ii)** siopaí ilranna; **(iii)** siopaí sainearraí **agus** **(iv)** siopaí neamhspleácha.

**(b)** Mol na treoirlínte ba cheart a leanúint nuair a bhítear ag siopadóireacht le haghaidh earraí agus seirbhísí.

**(c)** **(i)** Liostaigh **trí** mhodh íocaíochta is féidir a úsáid nuair a bhítear ag siopadóireacht.

**(ii)** Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le **gach ceann** de na modhanna atá luaite.

**(d)** Mínigh an buntáiste don tomhaltóir a bhaineann le **gach cheann** díobh seo a leanas: **(i)** praghsáil aonaid; **(ii)** admháil a choinneáil **agus** **(iii)** earraí féinbhranda.

**4.** **(a)** Ainmnigh **ceithre** chineál buanfhiacla.

**(b)** Breacrianaigh feidhm a bhaineann le **gach ceann** de na codanna fiacaile seo a leanas: **(i)** cruan; **(ii)** laíonchuas **agus** **(iii)** cementum.

**(c)** Liostaigh na treoirlínte ba cheart a leanúint chun fiacla sláintiúla a choinneáil.

**(d)** **(i)** Cad is plaic ann? **(ii)** Mínigh conas a chuireann plaic isteach ar fhiacla.

**(e)** Ainmnigh an mianra a chuirtear leis an soláthar poiblí uisce chun fiacla a láidriú.

**5.** **(a)** Mínigh **dhá** mhodh a bhaineann le traschur teasa.

**(b)** **(i)** Ainmnigh **trí** bhreosla a úsáidtear chun tithe a théamh.


**(ii)** Luaigh **dhá** bhuntáiste agus **dhá** míbhuntáiste a bhaineann le **ceann amháin** de na breoslaí atá ainmnithe agat.

**(c)** Breacrianaigh na buntáistí a bhaineann le córas téimh lárnaigh a úsáidtear sa teach.

**(d)** Liostaigh **ceithre** bhealach chun fuinneamh a shábháil nuair a bhíonn úsáid á baint as córas téimh lárnaigh.

**(e)** Cén fheidhm a bhaineann le teirmeastat?

**6.** **(a)** Ainmnigh na páirteanna den inneall fuála atá lipéadaithe le **1, 2, 3** agus **4**.




**(b)** Liostaigh na treoirlínte ba chóir a leanúint nuair a bhíonn inneall fuála **(i)** á cheannach; **(ii)** a úsáid **agus** **(iii)** cúram á dhéanamh agat de.

**(c)** Luaigh cúis **amháin** le **gach ceann** de na lochtanna inneall fuála seo a leanas: **(i)** briseadh snáthaide; **(ii)** greamanna lúbacha **agus** **(iii)** briseadh snáithe.

**(d)** Mol greim innill difriúil atá oiriúnach do **gach ceann** faoi seach díobh seo a leanas: **(i)** appliqué **agus** **(ii)** fáithim a chasadh suas.